Na cúiseanna, na hiarmháirtí agus tionchar léigear Jadotville a iniúchadh mar chuid de rannpháirtíocht na Náisiún Aontaithe le linn na géarchéime sa Chongó (13 - 17 Meán Fómhar 1961) Rachel

Eachtra suntasach ab é an Léigear Jadotville a tharla le linn na géarchéime sa Chongó. Is eachtra thábhachtach í an ghéarchéim seo i stair mhíleata na hÉireann mar ba é an chéad mhisean ag fórsaí síochána agus an chéad uair go raibh saighdiúirí na tíre seo faoi ionsaí ó Chogadh Cathartha na hÉireann. Mar aon leis sin, ba é an chéad uair go raibh ról míleata idirnáisiúnta ag Éirinn agus 6,000 saighdiúirí Éireannacha sa Chongó idir 1960 agus 1964 (Tithe an Oireachtais). San aiste seo, díreofar ar Léigear Jadotville 1961 agus ar an mhéad a thit amach dá bharr.

Tar éis éirí amach Chongó 30 Meitheamh 1960, bhí neamhspleáchas bainte amach ón Bheilg (ONUC, 2001). Bhí an Chongó fágtha gan riail. Rinne cúige Katanga iarracht scaradh ón bPoblacht 1 Iúil 1960 chun a saibhreas mianra á chosaint agus mar thoradh ar sin, bhris cogadh cathartha amach. Ghlac na Náisiúin Aontaithe (NA) ról sa scéal nuair a d'iarr Patrice Lumumba, príomhaire Katanga, gur chóir fórsaí síochána ón NA a bheith curtha chucu go práinneach (Aspinall, 1990). Bhí cúnamh na NA riachtanach toisc go raibh siad in ann a chinntiú go n-imeodh saighdiúirí na Beilge. Bhí síocháin sa

Chongó ag brath go príomha ar seo (Human Rights Watch, 2009) agus ghlac na NA leis an misean.

Bhí complacht A curtha go Jadotville ag Conor Cruise O'Brien **[Oibríocht Morthor (OM)]** ar iarratas ón Aire Gnóthacha Eachtracha na Beilge, Paul Henri Speak. Bhí infheistíocht ollmhór ag an Bheilg i mianadóireacht Katanga (Hobbs, 2014). Ba é Patrick Quinlan an t-oifigeach i gceannas ar Chomplacht A. Bhí Quinlan den tuairim go raibh sé ar intinn acu na hÉireannaigh a úsáid mar idirbheartaíocht leis an infheistíocht sin a choimeád. Dar le Sean Foley, saighdiúir ón complacht **"We were dumped there because the Belgians wanted their interests protected"** (Rose, 2016, p. lth 278)**.** Caithfidh a rá gur beag tacaíocht a tugadh dóibh agus iad curtha i mbun dualgais.

Thosaigh ullmhúchán don misean 19 Iúil 1960 agus thug an Dáil cead do na saighdiúirí Éireannacha a bheith páirteach (Whelan, 2006, p. lth 4). Shroich na fir Katanga Meán Fómhair 1961. Ní raibh fáilte rompu. Thosaigh pobal Katanga baghcatt orthu; mhúchadh leictreachas orthu agus dhiúltaigh na siopaí freastal orthu. D'aithin Quinlan an teannas agus thosaigh sé ag pleanáil dá réir.

Ba é fearg i dtreo na n-Éireannach ar ceann de na hiarmhairtí ar OM. Oibríocht conspóideach a bhí ann toisc nár cheadaigh Dag Hammarskjold,

Ardrúnaí na NA, é (Rose, 2016, p. lth 37). D'ordaigh Conor Cruise O'Brien, ionadaí NA i Katanga, an oibríocht uile. Ba é aidhm OM ná ord a choinneáil ar Elisabethville trí smacht a fháil ar an cheantar agus aon duine a chur síocháin Katanga faoi bhagairt a ghabháil. Bhí na NA ceaptha chun dul i ngleic leis an gcoimhlint go neamhfhoréigneach dar le prionsabail na NA (Colcough, 2016, p. lth 45). Bhí Hammarskjold ag iarraidh sin a chur i bhfeidhm trí chainteanna le príomhaire Katanga, ach cailleadh é i dtimpiste héileacaptair ar an mbealach (Doward, 2014). Cuireadh 'U Thant', ionadaí Burmach, in áit Hammarskjold mar ardrúnaí agus lig sé cead do na NA an lámh láidir a úsáid chun sprioc a bhaint amach, OM mar chuid de (TG4, 2012). Chuir an t-athrú ar bhainistíocht laistigh de na NA níos mó teannas leis an gcás.

Thosaigh feachtas frithbheartaíochta ó phobal Katanga in aghaidh na NA trí chlár bolscaireachta. Díríodh ar thrúpaí na hÉireann mar tuigeadh nach raibh bua míleata acu (Rose, 2016, p. lth 38). Chuaigh an feachtas go mór i bhfeidhm ar na hÉireannaigh i gcomplacht A sa léigear mar bhí coimhlint cruthaithe nach raibh ann roimhe. Níor cuireadh complacht A go hiomlán ar an eolas faoi chuspóirí OM (RTÉ 1 , 2004) ná faoi chlár bolscaireachta Katanga. Dá bhrí sin, níor thuig complacht A cén fáth gur tháinig siad faoi ionsaí. Bhí cumarsáid ón cheanncheathrú lag ón tús, níor tugadh aon comhairle dóibh ach moladh dóibh fanacht mar a bhí.

Bhí tionchar mór ag an timpeallacht ar Complacht A. Bhí an ithir ar nós coincréite agus bhí teocht 40 céim celsuis laethúil ann. Bhí an cur síos seo ag Patrick Quinlan ina taobh: **"Sun-baked lands with clouds of red dust from the hard red earth."** Ba cheart go mbeadh na fir réitithe go hoiriúnach don timpeallacht leis na earraí cearta. Rinne na NA neamhaird ar na cuinsí seo agus bhí na hÉireannaigh ag streachailt go mór dá bharr. Níor chuir na NA trealamh oiriúnach ar fáil do Complacht A. Ní raibh aon aerárthach d'aon saghas tugtha dóibh. Bhí moirtéar beag agus ceithre mheaisínghunna ón chéad cogadh domhanda acu. Ní raibh ach clogaid plaisteacha na NA acu chun iad féin a chosaint agus ní raibh aon seaicéid piléardhíonacha acu, rud a bhíodh riachtanach le linn ionsaithe. Ní raibh éadaí feiliúnacha acu don aimsir (Military Archives, 1961, p. lth 50). Dhiúltaigh na NA aon trealamh breise a thabhairt dóibh. Níor glacadh lena n-iarratais ar shreang dheilgneach, ar bladhm éigeandála agus ar uisce úr. Le fírinne, ba bheag an cosaint a bhí acu.

Tharla an chéad ionsaí Céadaoin 13 Meán Fómhair 1961. Tháinig sé go trom agus go tobann. Bhí cath fuilteach agus fíochmhar ann, mar a thagair Quinlan dó **'inferno with all hell let loose'**. Nuair a ghlac na fir leis nach raibh siad chun tacaíocht a fháil ón gceanncheathrú, dhírigh siad ar straitéisí Quinlan chun iad féin a choinneáil sábháilte. Chreid Quinlan go mbeadh siad in ann fanacht slán lá nó dhó ach bhí cúrsaí ag dul in olcas dóibh. Bhí an lámh in uachtar ag an *Gendermie* (fórsaí mhíleata Katanga) i gcúrsaí

faisnéise, míleata agus uimhreacha. De réir foinsí éagsúla meastar go raibh siad faoi ionsaí ag 3,000 (Rose, 2016) go 4,000 (Tithe an Oireachtais) ag pointí áirithe. Bhailigh siad cibé uisce úr a bhí acu le smúit ón buamáil. Bhí an ceanncheathrú lonnaithe timpeall 80 míle uathu. Ba é an droichead Lufira an t-aon bhealach a bhí acu chun ciondálacha a fháil chucu ach bhí sé plódaithe le *Gendermie*. Sna laethanta rompu, tháinig laghdú tobann ar chiondálacha riachtanacha mar armlón, bia agus uisce. Faraor, ní raibh an trealamh ceart acu ar chor ar bith chun iad féin a chosaint.

Bhí tuairimí diúltacha ar fud na cruinne maidir le hionchur na NA sa Chongó. Dúirt Uachtarán na Róidéise, Roy Welensky **- " Nothing so disgraceful in the whole history of international organisations has ever before happened"** faoi ghníomh NA san Chongó. Bhíodh tuairiscí faoin chruatan craolta ar an raidió i Katanga agus tuairimí ag scaipeadh go hidirnáisiúnta gur mharaigh na NA na sluaite san Afraic gan gá. Ní raibh sé soiléir cad a bhí ag tarlú sa Chongó. Bhí imní ar mhuintir na hÉireann faoi na scéalta sna meáin ag an am. Creideadh go raibh na saighdiúirí Éireannacha maraithe ag na *Gendermie* i Jadotville. Faraor, bhí roinnt de an fir sa chomplacht chomh óg le cúig bliana déag d'aois (Gallagher, 2020). Bhí an oiread sin imní ar dhaoine in Éirinn gur eagraíodh seirbhísí eaglasta go speisialta ar a son (Whelan, 2006, p. lth 55). Léiríonn sé seo an éifeacht a bhí ag an imeacht ar an mhuintir sa bhaile.

Le linn do Chomplacht A a bheith sa Chongó, d'fhás teannas an chatha go laethúil. Bhí iarratas déanta ag méara Jadotville ar shos cogaidh, agus Quinlan ag aontú leis ar mhaithe le huisce agus breis armlóin a fháil ach níor ghlac muintir Katanga leis. I rith na hidirbheartaíochta don sos cogaidh, bhí cinneadh déanta ag Quinlan géilleadh. Go simplí, ní raibh aon uisce ná armlón fágtha acu. Bhí deireadh curtha leis an léigear 17ú Meán Fómhair. Cuireadh na fir i bpríosún ar feadh tréimhse sular sheoladh abhaile iad. Taispeánann an pointe seo gur rinne complacht A a ndícheall lean prionsabail míleata.

Dúirt Quinlan **"...We did not come to shoot Africans, we came to help them.."** Ní cháin Quinlan ionsaí mhuintir Katanga ach ní mó ná sásta a bhí sé leis na NA toisc gur fhág siad complacht A i gcoinníollacha leochaileacha :**"The katangese are good soldiers...and this is their country. I don't blame them for attacking us."** Níor theip ar Chomplacht A ina ndualgas mar bhaill den NA agus chloígh siad le gach uile prionsabal míleata. Nuair a ghéill siad níor tugadh aitheantas don mhéid sin, rud a chuaigh go mór i bhfeidhm ar a gclú.

In Éirinn, ní trua a bhí ag muintir na tíre dóibh a thuilleadh ach náire nuair a tuigeadh gur ghéill siad. De réir na meáin, cath beag a bhí ann agus ghéill siad tar éis cúpla urchar a bheith scaoilte. Chreid daoine an scéal sin mar gheall gur dhiúltaigh an rialtas agus an NA boinn nó aon aitheantas a

thabhairt dóibh. Ba chúis náire iad na saighdiúirí seo ag an am agus cuireadh *'Jadotville Jacks'* orthu. Bhí droch-thionchar ag a leithéid ar meabhairshláinte na bhfear agus chuir cúigear acu lámh ina mbás féin mar thoradh. (McGreevy, 2019). Tá sé soiléir nach bhfuair na saighdiúirí an t-aitheantas tuilte acu ag an am.

Ar phointe dearfach, chuaigh an scil agus an straitéis a d'úsáid Quinlan i bhfeidhm go mór ar dhaoine toisc gur chosain sé 156 saighdiúirí Éireannacha ó 4,000 *Gendermie* agus iad ar bheagán ciondálacha agus armlóin. Le linn a bheith faoi léigear, níor maraíodh éinne de na saighdiúirí ach gortaíodh cúigear (Military Archives, 1961). Meastar gur úsáid Quinlan ***'cosaint imlíneach'*** ar an modh is éifeachtaí agus é curtha i dtéacsleabhar míleata ar fud na cruinne in oiliúint do shaighdiúirí. In 1993, rinneadh cás staidéir de léigear Jadotville agus bainsitíocht na NA faoi cheist (Rose, 2016). Craoladh agallaimh leis na saighdiúirí ar RTÉ 1 i 2004 agus pléadh na heachtraí conspóideacha (RTÉ 1 , 2004). Níor fhiosraigh rialtas na hÉireann na heachtraí i Jadotville go dtí gur tháinig brú ó na teaghlaigh. Tugadh aitheantas ar leith do na fir i 2005. Cé gur dhiúltaigh rialtas na hÉireann boinn laochra a bhronnadh orthu (Gallagher, 2020), bronnadh boinn misneacha orthu faoi 2016. Is cinnte gur thairg an scannán *The Siege of Jadotville* (Smyth, 2016) aitheantas do na fir go hidirnáisiúnta. Deireadh Fómhair 2017, nocht iar-Thaoiseach Enda Kenny (RTÉ, 2017) plaic mar

chomóradh ar Quinlan ina cheantar dúchais i gContae Chiarraí. Bhí aitheantas faighte acu faoi dheireadh.

Tagairtí

1. Aspinall, T. (1990). *SOLDIERS OF FORTUNE MERCENARY WARS.* Retrieved Meán Fómhair 15, 2020 from mercenary-wars: http://www.mercenary-wars.net/congo/list-of-congo-soldiers.html

OBJ

2. Colcough, E. (2016). *The evolution of Irish Peacekeeping.* Luimneach. Retrieved Nollag, 2020 from https://ulir.ul.ie/bitstream/handle/10344/5525/Colcough_2016_peacekeeping.pdf;jsessionid=645706CA3E03D68F0D12C585687B4004?sequence=5

OBJ

3. Doward, J. (2014, Nollag 13). *Spy messages could finally solve mystery of UN chief's death crash.* Retrieved Nollag, 2020 from The Guardian: https://www.theguardian.com/world/2014/dec/13/spy-messages-solve-mystery-un-chief-death-crash

OBJ

4. Gallagher, C. (2020, Lúnasa Céadaoin). *Department has no plan to award bravery medals to Jadotville survivors.* From Irish Times:

https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/department-has-no-plan-to-award-bravery-medals-to-jadotville-survivors-1.4327774

5.Hobbs, N. (2014). Ralphe Bunche. In *The UN and the Congo Crisis of 1960* (pp. 19-21). Yale. Retrieved 2020 from https://elischolar.library.yale.edu/cgi/viewcontent.cgi?article=1006&context=applebaum_award

6.Human Rights Watch. (2009, Lúnasa 21). *DR Congo: Chronology*. Retrieved Meán Fómhar, 2020 from Human Rights Watch: https://www.hrw.org/news/2009/08/21/dr-congo-chronology

7.McGreevy, R. (2019, Lúnasa De Luain). *The legacy of Jadotville for Irish veterans.* Retrieved Eanáir 7, 2021 from Irish Times: https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/the-legacy-of-jadotville-for-irish-veterans-suicide-alcoholism-and-ptsd-1.3990014

8.Military Archives. (1961). Retrieved Nollag, 2020 from https://www.militaryarchives.ie/fileadmin/user_upload/Documents_2/Congo_Unit_Histories/35_Inf_Bn_Congo.pdf

9.ONUC. (2001). *Establishment of ONUC.* Retrieved Meán Fómhair, 2020 from Republic of Congo Background: https://peacekeeping.un.org/en/mission/past/onucB.htm

10.Rose, D. (2016). *Heroes of Jadotville* (2 ed.). Baile Átha Cliath: New Island Books.

11.RTÉ 1 . (2004, Eanáir 21). *Doc on one .* Retrieved Márta 19, 2021 from RTÉ: https://www.rte.ie/radio1/doconone/2009/0701/646158-jadotoville/

12.RTÉ. (2017, mí Dheireadh Fómhair Dé Sathairn). *Former Taoiseach unveils plaque honouring Jadotville commandant.* Retrieved Eanáir, 2021 from https://www.rte.ie/news/ireland/2017/1028/915966-jadotville-plaque-kenny/

13.Smyth, R. (Director). (2016). *The Siege of Jadotville* [Motion Picture]. Retrieved Márta, 2021

14.TG4. (2012). *Troid ar son na Síochána.* Retrieved Eanáir, 2021 from Youtube: https://www.youtube.com/watch?v=VmaFB6uAuu8

15.Tithe an Oireachtais. (n.d.). *Recognition of Irish Military Service at Jadotville in 1961.* Retrieved Nollag, 2020 from https://www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/seanad/2020-11-11/

OBJ

16.Whelan, M. (2006). *The Battle of Jadotville.* Baile Athá Cliath: SOUTH DUBLIN LIBRARIES. Retrieved Aibreáin 20, 2020 from http://source.southdublinlibraries.ie/bitstream/10599/4927/2/The%20battle%20of%20Jadotville.pdf